

Oifig an
Office of the



Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

Tuarascáil Bhliantúil 2015

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ,
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7.

Tel: + 353 1 858 8500
Fax: + 353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

An Príomh-Aturnae Ionchúisimh,
90 Sráid an Rí Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7

Tel: +353 1 858 8500
Fax: +353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

CLÁR

Réamhrá	4
CUID 1: OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE	7
1.1 Obair Ghinearálta na hOifige	8
1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil	9
1.3 Struchtúr na hEagraíochta	10
CUID 2: RÍARACHÁN OIFIGE	11
2.1 Caiteachas na hOifige	12
2.2 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2014	15
2.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	16
2.4 Saoráil Faisnéise	17
2.5 Tuarascáil Bhliantúil Maidir le hÉifeacht-Úlacht Funnimh 2015	18
2.6 Scéim na Gaeilge	19
CUID 3: CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ	20
3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2015	21
3.2 Íospartaigh Coireachta	25
CUID 4: STAITISTICÍ	27
4.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas	29
4.2 Torthaí na gCásanna arna n-ionchúiseamh ar Díotáil	36
4.3 Iarratais chuig na Cúirteanna	48
4.4 Iarrataí ar Eiseachadhadh	53
4.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach	54

RÉAMHRÁ

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2015 a chur i láthair.

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 4 leanadh den mhéadú ar an líon comhad ionchúisimh a cuireadh faoi bhráid m'óifige i rith na bliana 2015. D'ainneoin an mhéadaithe fhoriomláin ar an líon comhad agus, d'ainneoin na n-éileamh eile ar acmhainní, lean an oifig dá spriocanna a shárú i dtaca leis an am a thógann sé chun treoracha a eisiúint agus, i gcás 68% de na comhaid ar fad, tugadh treoracha laistigh de mhí amháin agus, i gcás beagnach 90% díobh, tugadh treoracha laistigh de thrí mhí.

Tháinig méadú ó €13.4 milliún go €14 milliún ar an gcaiteachas ar tháillí Abhcóidí agus ba é ba chúis leis sin go páirteach ná trialacha fada ach tharla an méadú freisin de bharr an mhéadaithe shuntasach ar an líon cásanna a próiseáladh sa chéad bhliain iomlán d'oibriú na Cúirte Achomhairc. Tá mionsonraí iomlána faoin líon cásanna ar dhéileáil rannán coiriúil na Cúirte Achomhairc leo leagtha amach i gCaibidil 4.3 den tuarascáil seo. I rith 2015, d'éirigh thar barr leis an gcúirt nuair a chuir sí 325 chás de láimh agus, faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2016, bhí 166 chás eile curtha de láimh aici.

Ar an 16 Samhain 2015, tháinig treoir an AE maidir le cearta íospartach chun éifeacht dhíreach a bheith aici in Éirinn agus i ngach Ballstát eile. Táthar ag fanacht le reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt do théarmaí na treorach ach tá an Oifig ag oibriú de réir na treorach. Bunaíodh an tAonad Idirchaidrimh Cumarsáide agus Íospartach i mí Iúil 2015 agus bhí an t-aonad sin i gceannas ar ghníomhaíochtaí i leith ár gcuid oibleagáidí faoin treoir. Tá mionsonraí faoin obair a rinneadh sa réimse seo leagtha amach i gCaibidil 3.2. Is beart an tábhachtach é treoir an AE agus bunaíonn sé cearta chun cabhrú le híospartaigh a bhfuil díobháil fhisiciúil, mhothúcháinach agus airgeadais fulaingthe acu mar thoradh ar choireacht.



Ó bhí an 16 Samhain 2015 ann, aon uair a d'iarr an t-íospartach amhlaidh thug m'Oifig achoimre ar na cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, is é sin le rá, ár gcuid cinntí go léir a rinneadh ar an dáta sin nó dá éis, ach sin faoi réir roinnt eisceachtaí teoranta. Tá líon na n-iarrataí ar chúiseanna a fhaigheann an Oifig an-suntasach agus bhí 333 iarraidh den sórt sin faighte amhail ag deireadh mí an Mheithimh i mbliana. Sa tréimhse chéanna, fuarthas 135 iarraidh ar athbhreithniú cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Forbairt shuntasach eile sna cúirteanna coiriúla in 2015 ab ea ceapachán chomhaltaí den bhreithiúnacht chuig an Dara Cúirt Choiriúil Speisialta ag an Rialtas. Bunaíodh an chúirt sin chun déileáil leis an líon mór cásanna a bhí le trial fós sa Chúirt Choiriúil Speisialta a bhí ann cheana féin. Tá tús curtha leis an bpróiseas a bhaineann le cásanna a aistriú lena dtrial sa dara cúirt sin. Tá fáilte roimh an bhforbairt sin agus táthar ag súil go ndéanfar laghdú, le himeacht aimsire, ar an riaráiste cásanna a bhfuil éisteacht ar feitheamh ina leith.

Mórfhorbairt a dhéanann difear don timpeallacht dhlíthiúil ina n-oibrímid ab ea cinneadh na Cúirte Uachtaraí i mí Aibreáin 2015 i gcás an *DPP v. JC*.

Sa chás sin, le tromlach ceathrair i gcoinne triúir, chealaigh an Chúirt Uachtarach a cinneadh in *An Pobal v. Kenny* (1990). Bhí riail eisiatach beagnach iomlánach i ndáil le fianaise a fhaightear ar mhodh neamhbhunreachtúil forordaithe ag *Kenny*. In *JC*, cheap an Chúirt tástáil nua a bhí le cur i bhfeidhm maidir le fianaise a fhaightear go neamhdhleathach, lena n-airítear faighte a fhaightear de sháru ar chearta bunreachtúla, a chur san áireamh nó a eisiáimh.

Sular tugadh an breithiúnas sin, is fíor a rá gur againne a bhí an riail eisiatach ba dhéine dá raibh ann i ndomhan an dlí choitinn. Sa tástáil an-mhionsonraithe a cheap an Chúirt Uachtarach in *JC*, is ceart fianaise a thógtar de sháru d'aon turas agus comhfhiosach ar chearta bunreachtúla a eisiáimh fós ach amháin sna himthosca eisceachtúla a bhreithnítear sa dlí-eolaíocht láithreach. Mhínigh an chúirt cad ba bhrí leis na focail "comhfhiosach agus d'aon turas" i gcomhthéacs na tástála nua. Tá an caighdeán atá le leagan síos don tástáil i bhfad níos airde fós ná an caighdeán atá ann i ndomhan an dlí choitinn. Mar a dúirt McMenamin J. ina

bhreithiúnas i gcás *JC* "it is in no way inconsistent with the ECHR.....it redresses the balance so as to encompass community interests while ensuring that egregious breaches of a suspect's rights and police misconduct are checked."

Is cinneadh an-tábhachtach é sin i dtaca le hionchúiseamh coireanna de ós rud é, sna 25 bliana roimhe sin, go raibh cuid mhór cásanna ann i measc na gcásanna a cuireadh faoi bhráid na hOifige seo ar cásanna iad a bhí ina n-ábhar do chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh mar gheall ar neamh-inghlacthacht fianaise an-tábhachtach de bharr na rialach eisiataí an-dian.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann i m'Oifig, leis na hAturnaetha Stáit ar fud na tíre agus leis an líon mór abhcóidí ionchúisimh a raibh baint acu le hoibriú na seirbhíse ionchúisimh as a dtiomantas leanúnach agus as a ndianobair.



Claire Loftus
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Lúil 2016

RÁITEAS MHSIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

CUID 1:

OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

1.1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

1.1.1 Is é atá i mbunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná ionchúiseamh poiblí agus nithe coiriúla gaolmhara a sheoladh agus a mhaoirsiú.

1.1.2 Faightear tromlach na gcásanna a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo ón nGarda Síochána arb é an phríomhghníomhaireacht náisiúnta imscrúdúcháin é. Ach, maidir le roinnt cásanna, is cásanna iad a tharchuireann gníomhaireachtaí speisialaithe imscrúdúcháin chuig an Oifig, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

1.1.3 Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

Faigheann na trí Rannán tacaíocht ina gcuid oibre ó:


- Déanann an tAonad Beartais agus Taighde, a sholáthraíonn taighde maidir le cúrsaí dlíthiúla agus beartais, beartais maidir le hionchúiseamh a fhorbairt agus comhairle a thabhairt i ndáil le doiciméid faoi bheartas dlíthiúil a tharchuirtear chuig an Oifig lena mbreithniú.
- An tAonad Leabharlainne a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise agus saineolais don fhoireann dlí agus don fhoireann riaracháin araon.
- An tAonad Cumarsáide & Idirchaidrimh le hÍospartaigh, ar a bhfuil freagracht maidir lena chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí mar atá leagtha amach i dTreoir 2012/29/AE lena mbunaítear caighdeán íosta maidir le cearta íospartaigh na coireachta agus maidir le tacaíocht agus cosaint dóibh.

1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL



1.3 STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA

(Suas go dtí Meitheamh 2016)



CUID 2:

RIARACHÁN OIFIGE

2.1 CAITEACHAS NA hOIFIGE

I gCairt 2.1.1 taispeántar miondealú ar chaiteachas na hoifige do na blianta 2015, 2014 agus 2013

Tuarastail & Pá: Léiríonn sé seo an costas a bhaineann le tuarastail na foirne atá fostaithe san Oifig. Ba é a bhí sa líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2015 ná 186.

Costais Oifige: Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin, lena n-áirítear ceannach agus cothabháil trealaimh oifige, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, cothabháil áitribh na hoifige, costais taistil agus costais theagmhachas.

Seirbhís na nAturnaetha Stáit: Baineann sé seo le hóc tuarastal agus costas leis an 32 Aturnae Stáit a oibríonn i gcleachtais phríobháideacha agus a bhfuil conradh acu leis an Oifig seo chun feidhmiú thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


Táillí a íoctar le hAbhcóidí: Is táillí iad seo a íoctar leis na habhcóidí a ionchúisíonn cásanna thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna coiriúla éagsúla. Socraítear na táillí de réir na bparaméadar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Costais Ghinearálta Dhlíthiúla: Baineann sé seo le hóc costas dlíthiúil arna mbronnadh ag na cúirteanna in imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Stiúrthóra.

NÓTA: Maidir leis na méideanna atá leagtha amach i gCairt 2.1.1. i ndáil le Tuarastail, Pá agus Liúntais agus i ndáil le Costais Oifige, tá siad glan ar asbhaintí a bhaineann le pinsin agus ar Leithreasáí-i-gCabhair faoi seach.

CAIRT 2.1.1: CAITEACHAS OIFIGE

	2015 €	%	2014 €	%	2013 €	%
Tuarastail, Pá & Liúntais	12,150,357	32%	11,825,780	32%	12,154,661	34%
Costais Oifige	2,744,842	8%	2,427,721	7%	2,065,636	6%
Seirbhís na nAturnaetha Stáit	6,433,605	17%	6,401,954	17%	6,499,799	17%
Táillí Abhcóide	14,022,032	37%	13,399,223	37%	13,016,063	36%
Costais Ghinearálta Dlí	2,318,369	6%	2,647,470	7%	2,412,643	7%
IOMLÁN	37,669,205		36,702,148		36,148,802	




I gCairteacha 2.1.2 & 2.1.3 taispeántar miondealú ar chaiteachas ar tháillí a íocadh le habhcóidí sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus ar chaiteachas de réir réigiún i leith na Cúirte Cuarda Coiriúla.

Clúdaíonn na táillí a íoctar le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil & sa Chúirt Speisialta Choiriúil comhairle a thabhairt maidir le cruthúnais, díotálacha a dhréachtú, seisiúin chomhairle a sheoladh, díotchúiseamh, an cás a chur i láthair na cúirte agus láithris riachtanacha eile e.g. nuair atá pianbhreitheanna á ngearradh.

Is iad seo a leanas na príomhnithe a chlúdaítear sa chaiteachas ar tháillí san Ard-Chúirt: iarratais ar bhannaí agus an obair ullmhúcháin agus éisteachtaí a bhaineann hathbhreithnithe breithiúnacha.


CAIRT 2.1.2: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CÚIRTE

	2015	%	2014	%	2013	%
	€		€		€	
An Chúirt Chuarda	7,133,793	51%	7,615,411	57%	7,501,518	58%
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	3,911,612	28%	3,252,484	24%	3,490,017	27%
An Ard-Chúirt	1,246,587	9%	1,043,487	8%	1,182,939	9%
An Chúirt Uachtarach	150,056	1%	311,567	2%	157,760	1%
An Chúirt Achomhairc	1,204,331	9%	583,240	5%	433,760	3%
An Chúirt Choiriúil Speisialta	354,910	2%	578,904	4%	230,029	2%
An Chúirt Dúiche	20,743	0%	14,130	0%	20,040	0%
IOMLÁN	14,022,032		13,399,223		13,016,063	



CAIRT 2.1.3: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CUARDA

	2015 €	%	2014 €	%	2013 €	%
Cuaird Bhaile Átha Cliath	3,935,526	55%	3,752,005	50%	3,703,814	49%
Cuaird Chorcaí	680,537	10%	754,179	10%	437,232	6%
Cuaird an Oirthir	632,113	9%	707,131	9%	659,969	9%
Cuaird Lár Tíre	268,629	4%	402,754	5%	483,444	6%
Cuaird an Oirdheiscirt	736,032	10%	844,631	11%	1,140,316	15%
Cuaird an Iardheiscirt	459,927	6%	557,258	7%	591,107	8%
Cuaird an Iarthair	263,531	4%	380,445	5%	259,606	4%
Cuaird an Tuaiscirt	157,498	2%	217,007	3%	226,030	3%
IOMLÁN	7,133,793		7,615,410		7,501,518	



2.2 SLIOCHT AS AN GCUNTAS LEITHREASA 2014

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

	Soláthars na Meastacháin €'000	2014 Toradh €'000	2013 Toradh €'000
CAITEACHAS CLÁIR			
A. Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar	38,389	37,145	39,890
Ollchaiteachas	38,389	37,145	39,890
<i>Lúide</i>			
B. Leithreasaithe-i-gCabhair	975	996	1,043
Glaniomlan	37,414	36,149	38,847
An Barrachas atá le Géilleadh			
Dítear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Stáitchiste			
		2014	2013
An Barrachas atá le Géilleadh		€135,853	€1,265,198
Anailís ar Chaiteachas Riaracháin			
	Soláthars na Meastacháin €'000	2014 Toradh €'000	2013 Toradh €'000
I. Tuarastail, Pá agus Liúntais	13,007	12,648	13,025
II. Taisteal agus Cothabháil	109	103	95
III. Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhásacha	991	1,188	868
IV. Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	270	201	182
V. Fearas Oifige agus Seirbhísí TE seachtracha	831	469	470
VI. Caiteachas maidir le hÁitreabh Oifige	1,292	597	543
VII. Seirbhísí comhairleoireachta & Athbhreithniú maidir le Luach an	37	20	33
	16,537	15,226	15,216

2.3 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 Eanáir 2015 GO DTÍ AN 31 Nollaig 2015

- 2.4.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.
- 2.4.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le trí cinn d'íocaíochtaí dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €12,879. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €13,237 as luach iomlán íocaíochtaí de €3.02 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €58.20.

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

- 2.4.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.
- 2.4.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadáítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go

gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

- 2.4.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

Barry Donoghue
An tOifigeach Cuntasaíochta
Bealtaine 2016

2.4 SAORÁIL FAISNÉISE

2.4.1 San Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, dearbhaítear an ceart atá ag daoine den phobal chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, a mhéid is mó is féidir i gcomhréir le leas an phobail, agus an ceart atá ag daoine aonair ar phríobháideacht.

2.4.2 Le halt 42(f) d'Acht 2014, tugtar ceart rochtana ar thaifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ar thaifid den chineál sin amháin. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin nach bhfuil rochtain ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil.

2.4.3 Leanann an Oifig d'fhaisnéis a chur ar fáil a mhéid is féidir faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ta ár Scéim Foilseachán Saorála Faisnéise ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. San fhoilseachán sin, tugtar cuntas ar ghnó na hOifige, lena n-áirítear na cineálacha taifead a choimeádtar.

2.4.4 Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Saorála Faisnéise leis an teileafón ag (01) 858 8500 nó le ríomhphost ag foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist sin a úsáid chun iarraidh Saorála Faisnéise a thíolacadh ach ní féidir é a úsáid chun athbhreithniú inmheánach a iarraidh i gcás ina bhfuil táille iarratais ag teastáil.

2.4.5 I rith na bliana 2015, cuireadh 25 iarraidh san iomlán faoi bhráid na hOifige. Géilleadh/ Páirtghéilleadh do shé iarraidh agus diúltaíodh do 16 iarraidh faoin Acht. Ba é ba chúis leis na diúltuithe ná nár bhain na taifid a lorgaíodh le riarachán ginearálta na hOifige.

2.4.6 Iriseoirí a thíolaic sé cinn de na hiarrataí, grúpaí gnó/leasa a thíolaic dhá cheann díobh, agus daoine den phobal i gcoitinne a thíolaic na 17 n-iarraidh eile.

2.4.7 Maidir leis na 16 chás inar diúltaíodh d'iarrataí níor iarradh athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh bunaidh ach i gcás amháin díobh. Sa chás sin, seasadh leis an gcinneadh bunaidh.

Iarratas a Fuarthas 2014

Iarratas a diúltaíodh	6
Aontaíodh go hIomlán	16
Tarraingíodh siar/Déileáladh leis lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	3
IOMLÁN NA NIARRATAS	25

Lucht Iarratais 2014

Iriseoirí	6
Daoine den Phobal	17
Grúpaí Gnó/Leasa	2

Cásanna Athbhreithnithe 2014

Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach	1
Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise	0

2.5 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE hÉIFEACHT- ÚLACHT FUINNIMH 2015

Léargas ar Úsáid Fuinnimh i 2015

2.5.1 I 2014, d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2,094.80MWh d'fhuinneamh.

Baineann an ídiú fuinnimh iomlán le téamh spáis, aeróiríú, uisce te, solas, córais ríomhaireachta agus trealamh eile oifige in ár bhfoirgnimh oifige i mBóthar na hOtharlainne i Sráid an Rí Thuaidh.

Tiomsaítear an figiúr mar seo a leanas:

- 888.75 MWh Leictreachais
- 1,206.08 MWh de Ghás Nádúrtha

Gníomhartha a Rinneadh in 2015

2.5.2 I rith 2014, lean monatóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhar le comhairleoirí seachtracha agus conraitheoirí cothabhála. Ar na gníomhartha a rinneadh i rith 2014 áirítear seo a leanas:

- Leanadh leis an monatóireacht ar an gCóras Bainistithe Foirgneamh ríomhairithe (BMS) agus múchadh coirí gáis ar feadh tréimhsí sínte i rith an tsamhraidh.
- Chláraigh an Oifig le SEAI do Mhonatóireacht agus do Thuairisciú bainistíochta agus ídithe fuinnimh ar líne.
- Leanadh le feachtas feasachta fuinnimh leanúnach lena n-áirítear comharthaíocht chun trealamh a mhúchadh uair ar bith gur féidir agus leis na staighrí a úsáid níos minice agus cúl a thabhairt leis na hardaitheoirí.

Gníomhartha Pleanáilte 2016

2.5.3 AA ar na gníomhartha a pleanáladh do 2016 áirítear seo a leanas:

- Scrúdú na féidearthachta le haghaidh úsáid níos mó a bhaint as an gcóras BMS agus ídiú fuinnimh á bhainistiú.
- Leanúint d'fheachtas feasachta agus comharthaíocht agus póstaer in úsáid.
- Athbhreithniú ar rialtáin téamh uisce ag Bóthar na hOtharlainne.
- Scrúdú ar fhéidearthacht le haghaidh feabhsúchán i mbainistiú na gcóras téimh ag Bóthar na hOtharlainne, le pleanáil d'uasghrádú oiriúnach ar chórais choire.

2.6 SCÉIM NA GAEILGE

- 2.6.1** Cheadaigh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an 3ú Scéim Gaeilge d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i mí Eanáir 2014. Tá cóip den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. Tá feidhm ag an Scéim ar feadh tréimhse trí bliana ó 2014 go 2016.
- 2.6.2** I rith na bliana 2015, dhéileáil an Oifig le 1 réamhiarratas i nGaeilge sa Chúirt Dúiche. Dhéileáil ár nOifigeach Gaeilge le 7 n-iarraidh ar aistriúchán Gaeilge agus fuair an Oifig 1 ghlaoch teileafóin i nGaeilge.
- 2.6.3** D'ullmhaigh an Oifig ceithre fhoilseachán i rith na bliana 2015: Tuarascáil Bhliantúil 2014; leabhrán faisnéise athbhreithnithe maidir le Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí; bileoga faisnéise i ndáil le 'Conas Iarraidh ar Chúiseanna agus Athbhreithnithe' agus 'Conas a Dhéanaimid Cinntí faoi hIonchúisimh'. Ullmhaíodh gach foilseachán go dátheangach. Ina theannta sin, foilsíodh foirm iarratais go dátheangach freisin i ndáil le hiarraidh ar chúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.
- 2.6.4** Déantar láithreán gréasáin na hOifige a chothabháil agus a uasdátú i bhformáid dhátheangach. Aistritheoirí seachtracha a aistríonn ábhar uasdátaithe don leagan Gaeilge den láithreán gréasáin. Déantar athruithe a fhoilsiú go comhuaineach ansin ar an leagan Gaeilge agus ar an leagan Béarla den láithreán gréasáin.
- 2.6.5** I rith na bliana 2015, ba é a bhí sa líon uaireanta a breathnaíodh ar leathanaigh ar an leagan Gaeilge dár láithreán gréasáin ná 467. Is ionann an figiúr sin agus 0.3% de na huaireanta ar fad a breathnaíodh ar leathanaigh láithreán gréasáin na hOifige. Ar leith ón leathanach baile Gaeilge, is iad seo a leanas na leathanaigh Gaeilge ba mhinice a breathnaíodh orthu: Comhlíonadh, Maidir Linne agus Déan Teagmháil Linn.
- 2.6.6** Leanann ár nAonad Oiliúna de chúrsaí oiliúna Gaeilge a chur chun cinn lena chinntiú gur féidir leis an Oifig a hoibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Go háirithe, rinne roinnt daoine dár bhfoireann dlí cúrsa i nGaeilge Dhlíthiúil i Márta 2015. Bhí 4 mhodúl ann sa chúrsa agus chuimsigh siad na hábhair seo a leanas: Téarmaí Dlí; Iarratais ghearra a dhéanamh sa Chúirt Dúiche agus san Ard-Chúirt; Aighneachtaí gearra a dhéanamh; Finnéithe a Cheistiú/Chroscheistiú trí mheán na Gaeilge; Déileáil le páipéir Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh; agus buneolas faoi scríobh litreacha agus faoi chomhráite teileafóin i nGaeilge.

CUID 3:

CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ

3.1 CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ 2015

RÉAMHRÁ

- 3.1.1** Sa chaibidil seo, tugtar achoimre ar roinnt cinntí cúirte le bliain anuas, ar nithe tábhachtacha nó spéisiúla iad nó lena ngabhann luach mar fhasaigh le haghaidh obair ionchúisimh. Níl dóthain spáis ann chun athbhreithniú cuimsitheach a thabhairt ar an gcás-dlí ar fad a bhaineann leis an mbliain 2015 ach is ceart go dtabharfadh na cásanna atá luaite léiriú don léitheoir ar chuid de na saincheistanna a éiríonn ó am go ham le linn cionta a ionchúiseamh.

BANNAÍ

Adhamh Grant v. Gobharnóir Phríosún Chnoc na Seamar [2015] IEHC 768, An Ard-Chúirt, Humphrey's J, Samhain 27 2015

- 3.1.2** Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an t-iarratasóir a scaoileadh saor de bhun fiosrúchán habeas corpus agus chinn sí gur ghníomhaigh breitheamh na Cúirte Dúiche de réir dlínse nuair a diúltaíodh bannaí ar bhonn thástáil O'Callaghan. In imthosca an cháis seo, chinn an Ard-Chúirt gurbh é a bheadh sa leigheas cuí don iarratasóir a bhí ag iarraidh cur i gcoinne an diúltaithe bannaí a dheonú ná iarratas ar bhannaí a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt nó iarratas ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ach ní leigheas i bhfoirm habeas corpus

DÚSHLÁIN BHUNREACHTA

PP v. DPP agus Páirtithe Eile [2015] IEHC, An Ard-Chúirt, Moriarty J, Iúil 31, 2015

- 3.1.3** D'éirigh an cás seo as dúshlán maidir le bunreachtúlacht an chiona ró-mígheanais idir fir mar atá leagtha amach in alt 11 den Criminal Law (Amendment) Act 1885. Rinne an Ard-Chúirt dúshlán an ghearánaí a dhíbhe agus rialaigh sí nach raibh an cion ródhóiléir agus nárbh ionann é agus idirdhealú ar fhoras inscne agus nár sháraigh sé cearta príobháideachais.

John Cox v. DPP [2015] IEHC 642 An Ard-Chúirt, McDermott J, Deireadh Fómhair 20, 2015

- 3.1.4** Sa chás seo, rinne an Ard-Chúirt dúshlán bunreacht an ghearánaí in aghaidh alt 4 den Vagrancy Act 1824, lena gcruthaítear an cion arb é nochtadh mígheanasach é, a dhíbhe agus rialaigh sí gur chruthaigh an t-alt sin cion lena ngabhann brí chinnte bheacht á chumasú don Ghearánaí a bheith ar an eolas go dóthanach, agus comhairle ghairmiúil a fháil, ina leith.

Thomas Redmond v. Éire, an tArd-Aighne agus DPP [2015] IESC 98, An Chúirt Uachtarach, Charleton J, Nollaig 17, 2015

- 3.1.5** Chuir an gearánaí in aghaidh bhunreachtúlacht alt 3(2) den Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú) 1972. Déileálann alt 3(2) le stádas fianaiseach ráitis na tuairime atá ag Ard-Cheannfort i gcásanna ina líomhnaítear go bhfuil daoine ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí neamhdhleathacha. Rinne an Chúirt Uachtarach an dúshlán a dhíbhe á rá go

gceanglaítear, de réir fhorléiriú bunreachtúil an ailt, gur ceart fianaise eile atá neamhspleách ar fhianaise an Ard-Cheannfoirt a bheith ann chun tacú le fianaise an Ard-Cheannfoirt.

JF v. DPP agus Páirtithe Eile [2015] IEHC 468 (An Ard-Chúirt, Binchy J, 14 Iúil 2015)

- 3.1.6** Rinne an Ard-Chúirt dúshlán bunreachta an ghearánaí in aghaidh na gceanglas atá ann san Acht um Chiontóirí Gnéis 2001 maidir le fógra a thabhairt agus rialaigh sí nach raibh na ceanglais a fhorchuirtear ar an ngearánaí neamhréireach ós rud é gurb é is cuspóir don scéim ná an pobal i gcoitinne a chosaint agus nach bhfuil na ceanglais pionósach ó nádúr.

ACHT NA LEANAÍ 2001

R.R. v. DPP [2015] IEHC 116, An Ard-Chúirt, Kearns P, Márta 3, 2015

- 3.1.7** Chinn an Ard-Chúirt nach raibh cosc ar an gCúirt Chuarda pianbhreith a fhorchur ar ógánach d'ainneoin gur coinníodh faoi choimeád é ar feadh tréimhse de bhreis ar an tréimhse dá bhforáiltear in alt 100 d'Acht na Leanaí 2001. Thug an Chúirt dá haire go raibh dualgas speisialta ar an gcúirt chun déileáil le cásanna a bhain le leanaí chomh dlúsúil agus is féidir ach go bhféadfadh cásanna neamhghnácha, amhail an cás seo, a bheith ann rud a ligfeadh don Chúirt an teorainn ama atá leagtha amach in alt 100 a fhadú.

CIÓNTA MAIDIR LE DAMÁISTE COIRIÚIL

DPP v. Cooper [2015] IEHC 240, An Ard-Chúirt, Noonan J, Aibreán 16, 2015

- 3.1.8** Sa chás sonraithe comhairliúcháin seo, chinn an Ard-Chúirt nach raibh sé riachtanach, le linn ionchúiseamh an chúisí mar gheall ar dhamáiste coiriúil ar chloch chinn, fianaise ar úinéireacht na maoine nó ar luach na maoine damáistithe a thabhairt mar thaca le ciontú. San Acht um Damáiste Coiriúil 1991, tá toimhde dhlíthiúil infhrisnéise ann á rá gur le duine seachas an cúisí an mhaoin agus

déanann sé coir d'aon damáiste do mhaoin duine eile, is cuma cén luach a bhaineann leis an damáiste.

FIANAISE

DPP v. Crowe [2015] IECCA 9, An Chúirt Achomhairc, Edwards J, Feabhra 3, 2015

- 3.1.9** Ciontaíodh an freagróir i gcion arbh é a bhí ann ná teachtaireacht bhagrach a chur chuig comhalta den Gharda Síochána. Ba é a bhí san fhianaise sa chás ná gur aithin an Garda an freagróir mar an glaoiteoir nuair a d'fhéach sé ar fhístéip i stáisiún an Gharda, is é sin, fístéip inar taispeánadh an freagróir á chur faoi agallamh i leith an chiona. Bhí a fhios ag an nGarda gur gabhadh an freagróir gar don teileafón a úsáideadh chun an glao a dhéanamh. Cheadaigh an Chúirt Achomhairc achomharc in aghaidh an chiontaithe á rialú gurbh amhlaidh, in imthosca an cháis, nach raibh dóthain áititheachta ann san fhianaise aitheantais a d'fhágfadh go bhféadfaí glacadh léi i dtrial.

DPP v. JC [2015] IESC 31, An Chúirt Uachtarach, Clarke J, Aibreán 28, 2015

- 3.1.10** San achomharc seo a thionscain an Stiúrthóir, chealaigh an Chúirt Uachtarach an riail iomlánach eisiatlach a leagadh amach ina cinneadh féin in *An Pobal (DPP) v. Kenny* [1990] 2 I.R. 110. Is féidir an riail nua a mhíniú go hachomair mar riail ar dá réir a cheadaítear fianaise a fhaightear de shárú ar chearta bunreachtúla cosantóra a ghlacadh más rud é gur tharla an sárú de bharr neamhaire nó go n-éiríonn an sárú as cearta dlíthiúla iardain nó más rud é go bhfuil imthosca eisceachtúla ann. Tá tástáil an-mhionsonraithe leagtha amach sa bhreithiúnas ó Clarke J.

DPP v. Scanlon [2015] IECA 232 (An Chúirt Achomhairc, Sheehan J, 29 Deireadh Fómhair 2015)

- 3.1.11** Le linn don Chúirt Achomhairc achomharc an chúisí in aghaidh ciontú a dhíbhe, dhaingnigh an Chúirt gur féidir próiseas leanúnach dhá chéim a bheith i gceist le halt 23 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 (i.e. cuardach tosaigh

agus cuardach níos cuimsithí i stáisiún Garda) agus gur féidir le beirt Ghardaí éagsúla na cuardaigh a dhéanamh.

***DPP v Choung Vu* [2015] IECA 257 (An Chúirt Achomhairc, Edwards J, 16 Samhain 2015)**

- 3.1.12** Chinn an Chúirt Achomhairc nach gá rialú ar na plandaí cannabais a bheith i gceist chun bheith ciontach i saothrú. Dlítear duine ar rannpháirtí tánaisteach i saothrú é nó í, trí chabhrú agus neartú le daoine eile, a chiontú sa phríomhchion d'ainneoin go bhfuil na plandaí faoi rialú daoine eile.

***Sirbu v. DPP* [2015] IECA 23, An Chirt Achomhairc, Hogan J, Samhain 9, 2015**

- 3.1.13** Cúisíodh an t-achomharcóir in ionsaí agus bhí ordú toirmisc faighte ag an achomharcóir ón Ard-Chúirt ós rud é gur cailleadh píosaí scannáin CCTV. Bhí sé beartaithe ag lucht an ionchúisimh brath ar fhianaise ó fhinnéithe a raibh na píosaí scannáin CCTV feicthe acu ach nach raibh feicthe ag an achomharcóir. Chealaigh an Chúirt Achomhairc an t-ordú toirmisc agus dúirt nach bhféadfadh an fhianaise a bhí ar iarraidh go mbeadh an triail éagórach.. D'fhéadfadh breitheamh na trialach déileáil leis an ábhar trí rialuithe cuí breithiúnacha le linn na trialach.

CIONTA MAIDIR LE HORD POIBLÍ

***DPP v. Fitzsimons* [2015] IEHC 403, An Ard-Chúirt, Kearns P, Meitheamh 26 2015**

- 3.1.14** In achomharc ar mhodh cáis shonraithe, chinn an Ard-Chúirt, maidir le hiompar follasach neamhdhleathach, arbh é a bhí ann sa chás seo ná an t-iarratasóir dá nochtadh féin do chomhaltaí bainearna den Gharda Síochána, agus imeacht ina rith ina dhiaidh sin, de sháru ar alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994, nach raibh gá le rabhadh ó na Gardaí ina leith, á rá leis an iarratasóir éirí as an iompar sin, roimh ghabháil a dhéanamh.

AN DLÍ MAIDIR LE TRÁCHT AR BHÓITHRE

***O'Keeffe v. DPP* [2015] IECA 31, An Chúirt Achomhairc, Ryan P, Bealtaine 21, 2015**

- 3.1.15** Ciontaíodh an t-achomharcóir i gcion tiomáint faoi thionchar dí in imthosca inar cheadaigh Breitheamh na Cúirte Dúiche finné ionchúisimh a athghlaoch chun fianaise a thabhairt tar éis cás an ionchúisimh a chríochnú. Dheimhnigh an Chúirt Achomhairc cinneadh na hArd-Chúirte a chinn go raibh rogha ag breitheamh Cúirte Dúiche tuilleadh fianaise a cheadú maidir le cúrsaí teicniúla nó nós imeachta tar éis cás an ionchúisimh a bheith críochnaithe.

***DPP v. O'Sullivan* [2015] IEHC 693, An Ard-Chúirt, Keane J, Samhain 6, 2015**

- 3.1.16** Éigiontaíodh an freagróir i dtiomáint faoi thionchar dí sa Chúirt Dúiche. Rinne an Stiúrthóir achomharc faoin gcás chuig an Ard-Chúirt ar mhodh cáis shonraithe. Chinn an Ard-Chúirt go raibh earráid déanta ag an mBreitheamh den Chúirt Dúiche le linn rialú a dhéanamh á rá go raibh coinneáil an fhreagróra ar feadh 20 nóiméad ar mhaithe le breathnú neamhdhleathach ós rud é gur "bhreathnaigh" an Garda an cúisí roimhe sin i ngluaisteán patróil ar an mbealach chuig an stáisiún Garda. Ba cheart don Bhreitheamh den Chúirt Dúiche déanamh de réir chás an *DPP v. McNeice* [2003] 2 I.R. 614 inar cinneadh gur ceart an breathnú a dhéanamh i dtimpeallacht rialaithe amhail i stáisiún Garda.

***DPP v. Dardis* [2015] IEHC 53, An Ard-Chúirt, Hedigan J, Feabhra 2, 2015**

- 3.1.17** Sa chás seo, d'éigiontaigh an Chúirt Dúiche an freagróir i ndáil le cúiseamh tiomáint faoi thionchar dí. Thionscain an Stiúrthóir achomharc ar mhodh cáis shonraithe. Rialaigh an Chúirt Achomhairc, mar phonc dlí (*DPP v. Fox* 2008 4 I.R 811), go raibh an dara tréimhse breathnóireachta 20 nóiméad réasúnach in imthosca an cháis ós rud é, le linn na chéad tréimhse breathnóireachta, nár bhreathnaigh an Garda an freagróir go hiomlán i rith na tréimhse 20 nóiméad ar fad.

DPP v. Gregory [2015] IEHC 706, An Ard-Chúirt, Barrett J, Samhain 13, 2015

- 3.1.18** In achomharc ar mhodh cáis shonraithe, chinn an Ard-Chúirt gurbh údarú bailí seicphointe údarú ó Chigire den Gharda a eisíodh de bhun alt 10 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 agus lenar bunaíodh 14 sheicphointe tástála sainordaithí alcóil ar feadh tréimhse sonraí 45 nóiméad i ngach cás ar leith. Chinn an Ard-Chúirt freisin go raibh liostú stráice bóthair a bhí níos faide ná 1km mar cheann de na seicphointí ceadaithe agus nach raibh sé neamhshonrach.

3.2 ÍOSPARTAIGH COIREACHTA

3.2.1 Ar an 16 Samhain 2015 tháinig Treoir AE 2012/29 i bhfeidhm. Leis an Treoir sin bunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta íospartach coireachta agus maidir le tacaíocht agus cosaint dóibh.

3.2.2 Faoin treoir, tá cearta ag íospartaigh anois chun faisnéis a fháil faoin bpróiseas agus faoin gcás. Tá cearta níos imeachta acu freisin le linn imeachtaí cúirte. Is é atá sa sainmhíniú ar íospartach sa treoir ná duine a bhfuil díobháil, lena n-áirítear díobháil de chineál fisiciúil, meabhrach nó mothúcháanach, nó caillteanas eacnamaíochta fulaingthe aige nó aici mar thoradh ar chion coiriúil nó duine de theaghlach duine arbh é ba chúis go díreach lena bhás nó lena bás ná cion coiriúil agus a d'fhulaing díobháil mar thoradh ar bhás an duine sin.

3.2.3 Sular tháinig an Treoir maidir le híospartaigh i bhfeidhm, agus ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2008 ann, ní raibh sé de nós ag an Oifig seo cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh a thabhairt do theaghlach íospartach ach amháin i gcásanna marfacha. Tá an líon iarrataí a fuarthas i gcásanna marfacha idir Deireadh Fómhair 2008 agus Samhain 2015 leagtha amach i gCairt 3 thíos.

3.2.4 Ón tráth ar tháinig an Treoir maidir le híospartaigh i bhfeidhm, tá sé de cheart ag íospartaigh anois achoimre a fháil ar na cúiseanna le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i ngach cás ina ndearnadh an cinneadh ar an 16 Samhain 2015 nó dá éis, ach sin faoi réir roinnt eisceachtaí teoranta. Ina theannta sin, tugann an Treoir teidlíocht d'íospartach athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Déanann dlíodóir nach raibh bainteach leis an gcinneadh bunaidh athbhreithniú den

sórt sin a chur i gcrích. I gCairteacha 3A agus 3B thíos, taispeántar an líon iarrataí ar chúiseanna agus ar athbhreithnithe a fuarthas ó bhí an 16 Samhain 2015 ann. Is iad seo a leanas na príomhchatagóirí cionta a bhí ina n-ábhar d'iarrataí ar chúiseanna agus d'iarrataí ar athbhreithnithe araon: cionta gnéasacha; ionsaithe agus gadaíocht; agus cionta calaoise.

3.2.5 I Meán Fómhair 2015, chuir an Oifig seo Aonad Idirchaidrimh Cumarsáide agus Íospartach ar bun. Tá freagracht ar an aonad sin go príomha i ndáil lena chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí i leith na gceart atá ag íospartaigh, agus i leith tacaíochta agus cosanta dóibh, de réir mar atá leagtha amach sa treoir.

3.2.6 Déileálann an tAonad le gach iarraidh ar chúiseanna agus ar athbhreithnithe a fhaightear ó íospartaigh coireachta. Ina theannta sin, soláthraíonn foireann an Aonaid seirbhís faisnéise d'íospartaigh a dhéanann teagmháil leis an Oifig leis an teileafón. D'ullmhaigh an tAonad dhá leabhrán faisnéise d'íospartaigh maidir le 'Conas a dhéanaimid cinntí' agus 'Conas cúiseanna agus athbhreithnithe a iarraidh'. Tá an dá leabhrán sin ar fáil sa roinn dar teideal 'Íospartaigh & Finnéithe' ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.dppireland.ie.

3.2.7 Tráth scríofa an ábhair seo, ní raibh an treoir trasuite fós sa dlí náisiúnta. Nuair a bheidh an reachtaíocht i bhfeidhm, athbhreithneoidh an Oifig seo na struchtúir agus na nósanna imeachta reatha lena chinntiú go gcomhlíonann siad an reachtaíocht agus go bhfuilimid in ann na caighdeáin seirbhíse agus an cháilíocht seirbhíse a bhfuil teideal acu chucu a sholáthar d'íospartaigh.

ROIMH CHUR I BHFEIDHM THREOIR AN AE

CHART 3: Miondealú ar Iarrataí ar Chúiseanna i gCásanna Marfacha a Fuarthas ó Dheireadh Fómhair 2008 go Samhain 2015

Géilleadh	Diúltaíodh	Tarraingíodh Siar	Ar Feitheamh	IOMLÁN
92	4	1	0	97

Ón tráth ar thug Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí isteach an beartas maidir le cúiseanna a thabhairt, i gcásanna marfacha, le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, fuaireamar 97 n-iarraidh san iomlán agus bhain 64% díobh sin le teagmhais mharfacha tráchta bóthair.

TAR ÉIS CHUR I BHFEIDHM THREOIR AN AE

CHART 3A: An Líon Iarrataí ar Chúiseanna a Fuarthas faoi Threoir an AE maidir le hÍospartaigh ó Shamhain 2015 go Meitheamh 2016

Líon faighte	Cúis a tugadh	Cúis gur diúltaíodh	Ar Feitheamh
333	216	68	49

I measc na samplaí de chásanna inar diúltaíodh d'iarrataí, d'áireofaí iarrataí a bhaineann le cinntí a rinneadh roimh an 16 Samhain 2015 nó iarrataí a bhain le cásanna ina bhféadfaí dochar a dhéanamh do chás cúirte dá dtabharfaí cúis.

CHART 3B: An Líon Iarrataí ar Athbhreithniú a Fuarthas faoi Threoir an AE maidir le hÍospartaigh ó Shamhain 2015 go Meitheamh 2016

Líon faighte	Seasadh le Cinneadh Bunaidh	Cealaíodh Cinneadh Bunaidh	Iarraidh Neamhbhail	Ar Feitheamh
135	106	0	11	18

D'áireodh iarraidh neamhbhailí, mar shampla, iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcás ina ndéanann an Garda Síochána, seachas Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an cinneadh lena mbaineann.

CUID 4:

STAITISTICÍ

STAITISTICÍ

Nóta Mínte i ndáil le Staitisticí

4.1 Tá Cuid 4 briste síos i dtrí roinn ar leith

- Cairt 1 go dtí Cairt 5 (Cuid 4.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- Cairt 6 go dtí Cairt 10 (Cuid 4.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2010 agus an bhliain 2012.
- Soláthraíonn Cairteacha 11 go 14 (Cuid 4.3) mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.
- Soláthraíonn Cairt 15 (Cuid 4.4) mionsonraí faoi ullmhú/eisiúint iarrataí ar Eiseachadadh (eiseachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh).
- Tugann Cairt 16 (Cuid 4.5) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

4.2 Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 6 go dtí 10 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus

an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2014, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

4.3 Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhthas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarasálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhféadfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Meitheamh 2015.

4.4 Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

4.1 COMHAID IONCHÚISIMH A FUARTHAS

Léirítear i gCairt 1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2002 go 2015.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

CAIRT 1: LÍON IOMLÁN NA GCOMHAD A FUARTHAS

BLIAIN	COMHAID
2002	14,586
2003	14,696
2004	14,613
2005	14,427
2006	15,279
2007	15,446
2008	16,144
2009	16,074
2010	15,948
2011	16,127
2012	15,285
2013	13,761
2014	14,014
2015	14,307


Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

CAIRT 2: COMHAID A NDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA NATURNAETHA


	2015	%	2014	%	2013	%
Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche	1019	19%	1143	22%	1155	22%
Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda	2030	38%	1712	33%	1790	33%
Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte	2060	38%	1999	39%	2103	39%
Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha	246	5%	318	6%	338	6%
IOMLÁN	5355		5163		5381	



Léiríonn Cairt 3 an líon comhad a fuarthas ina gcaitear cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na n-amhrastach is ábhar do na comhaid sin. Baineann go leor comhad le níos mó ná amhrastach amháin agus dá gcaithfí le comhad mar sin mar chás aonair d'fhéadfá ualach oibre míchruinn a lua leis an Oifig. Tá sé tábhachtach, mar sin, féachaint ar líon iomlán na n-amhrastach chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

CAIRT 3: BRISEADH SÍOS MAIDIR LEIS NA COMHAID A FUARTHAS D'FHONN CINNEADH CIBÉ AN NDÉANFAÍ IONCHÚISEAMH

	2015	2014	2013
Líon na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh	8952	8851	8380
Líon na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin	11975	11795	11197



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2013, 2014 agus 2015 (suas go dtí Bealtaine 2016). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid atur nae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcountas:

Ionchúiseamh ar bith: Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

Ionchúiseamh ar Díotáil: Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


Diúscairt Achomair: Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

Faoi Bhreithniú: Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

NÓTA: Tá na figiúirí do 2013 agus 2014 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hionchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.

CAIRT 4: DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS


Treoir Déanta	2015	%	2014	%	2013	%
Ionchúiseamh ar Bith	4963	41%	5251	45%	4706	42%
Ionchúiseamh nó Indíotail	3250	27%	3173	27%	3109	28%
Diúscairt Achomair	3572	30%	3358	28%	3358	30%
LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH	11785	98%	11782	100%	11173	100%
Faoi Bhreithniú	190	2%	13	0%	18	0%
IOMLÁN	11975		11795		11191	



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt. Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

CAIRT 4A: CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh	2015	%	2014	%	2013	%
Ganntanas Fianaise	3877	78%	4183	80%	3736	79%
Clár Athstíurtha Óige	64	1%	58	1%	54	1%
Leas an Phobail	81	2%	93	2%	106	2%
Forais Simpíteacha	6	0%	4	0%	5	0%
Tréimhse Ama Caite	42	1%	31	1%	33	1%
Moill Mhíchuí	74	2%	64	1%	47	1%
Tarraingíonn an Páirtí Díobháilithe Siar an Gearán	268	5%	264	5%	203	5%
Rabhadh Aosach	112	2%	121	2%	107	2%
Eile	439	9%	433	8%	415	9%
IOMLÁN	4963		5251		4706	



Is briseadh síos atá i gCairt 4B de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbeirtheáil' (féach cairt 4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

CAIRT 4B: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

	Daonra 2015*				Daonra 2013*	Daonra 2012*	Daonra 2011*	Ionchúiseamh ar Díotáil Treoraithe de Réir Contae an Chionna								Cásanna an 1,000 Dúinne					Meáin Róta 3 Bliana		
	2015*	2014*	2013*	2012*	2013 *	2012 *	2011 *	2015	2014	2013	2012	2011	2015	2014	2013	2012	2011	2013-2015	2012-2014	2011-2013			
Ceatharlach	55,613	55,405	55,438	54,966	54,612			26	47	27	37	44	0.47	0.85	0.49	0.67	0.81	0.60	0.67	0.66			
An Cabhán	70,498	71,621	72,431	72,616	73,183			40	33	53	29	40	0.57	0.46	0.73	0.40	0.55	0.59	0.53	0.56			
An Clár	116,755	116,848	116,786	117,435	117,196			82	85	59	85	100	0.70	0.73	0.51	0.72	0.85	0.64	0.65	0.69			
Corcaigh	522,833	525,957	523,770	520,333	519,032			367	419	383	334	402	0.70	0.80	0.73	0.64	0.77	0.74	0.72	0.73			
Dún na nGall	155,225	157,697	159,482	159,888	161,137			47	46	60	60	59	0.30	0.29	0.38	0.38	0.37	0.32	0.35	0.37			
Baile Átha Cliath	1,305,300	1,274,600	1,262,400	1,262,900	1,273,069			1374	1229	1259	1381	1572	1.05	0.96	1.00	1.09	1.23	1.00	1.02	1.11			
Gaillimh	245,106	246,006	246,457	246,175	250,653			97	140	94	124	101	0.40	0.57	0.38	0.50	0.40	0.45	0.48	0.43			
Ciaraí	146,567	147,443	146,830	145,867	145,502			88	82	84	116	130	0.60	0.56	0.57	0.80	0.89	0.58	0.64	0.75			
Cill Dara	218,356	216,574	214,158	213,881	210,312			82	93	93	134	125	0.38	0.43	0.43	0.63	0.59	0.41	0.50	0.55			
Cill Chainnigh	97,168	96,804	96,861	96,037	95,419			41	37	41	48	68	0.42	0.38	0.42	0.50	0.71	0.41	0.44	0.55			
Laois	83,637	82,895	82,353	81,868	80,559			47	34	46	74	59	0.56	0.41	0.56	0.90	0.73	0.51	0.62	0.73			
Liatroim	30,631	31,119	31,471	31,552	31,798			14	17	11	8	13	0.46	0.55	0.35	0.25	0.41	0.45	0.38	0.34			
Luimneach	191,088	191,239	191,138	192,200	191,809			186	132	156	119	168	0.97	0.69	0.82	0.62	0.88	0.83	0.71	0.77			
An Longford	40,490	40,131	39,869	39,634	39,000			22	23	29	41	43	0.54	0.57	0.73	1.03	1.10	0.61	0.78	0.95			
Lú	118,388	120,274	121,634	121,944	122,897			79	98	69	119	103	0.67	0.81	0.57	0.98	0.84	0.68	0.79	0.79			
Maigh Eo	127,747	128,216	128,451	128,304	130,304			81	55	75	91	74	0.63	0.43	0.58	0.71	0.57	0.55	0.57	0.62			
An Mhí	191,178	189,618	187,503	187,260	184,135			80	78	70	63	82	0.42	0.41	0.37	0.34	0.45	0.40	0.37	0.39			
Muineachán	58,264	59,192	59,861	60,014	60,483			32	31	33	34	35	0.55	0.52	0.55	0.57	0.58	0.54	0.55	0.57			
Uíbh Fhailí	79,617	78,911	78,395	77,933	76,687			31	43	25	65	44	0.39	0.54	0.32	0.83	0.57	0.42	0.57	0.58			
Ros Comáin	62,647	62,877	62,992	62,921	64,065			26	23	23	21	17	0.42	0.37	0.37	0.33	0.27	0.38	0.35	0.32			
Sligeach	62,994	63,997	64,721	64,886	65,393			43	26	45	47	40	0.68	0.41	0.70	0.72	0.61	0.59	0.61	0.68			
Tiobraid Árann	160,110	159,829	159,845	159,470	158,754			105	86	125	121	110	0.66	0.54	0.78	0.76	0.69	0.66	0.69	0.74			
Port Láirge	115,881	115,447	115,515	114,532	113,795			79	99	72	88	97	0.68	0.86	0.62	0.77	0.85	0.72	0.75	0.75			
An Iarmhí	89,456	88,663	88,083	87,564	86,164			69	62	48	82	71	0.77	0.70	0.54	0.94	0.82	0.67	0.73	0.77			
Loch Garman	147,985	147,429	147,517	146,261	145,320			64	62	52	77	61	0.43	0.42	0.35	0.53	0.42	0.40	0.43	0.43			
Cill Mhantáin	141,866	140,708	139,139	138,959	136,640			48	93	76	62	84	0.34	0.66	0.55	0.45	0.61	0.52	0.55	0.54			
IOMLÁN	4,635,400	4,609,500	4,593,100	4,585,400	4,588,252			3250	3173	3109	3461	3743											

Tá figiúirí 2012, 2013, 2014 & 2015 bunaithe ar leithroinnt chomhréireach na bhfigiúirí daonra réigiúnacha measta arna fhoilsiú sna Meastacháin ar Dhaonra & ar Imirce de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh arna eisiúint in, 2012, 2013, 2014 & 2015.


Léiríonn Cairt 5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiúint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir “duine atá faoi amhras” seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Féadfar tuilleadh faisnéise a lorg chun cruthúnas cáis a fheabhsú, cé nach comhartha é seo go raibh aon locht ar an imscrúdú.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh.

CAIRT 5: AN TAM A CAITHEADH SULAR EISÍODH CINNEADH

An tAm a Caitheadh	2015	%	2014	%	2013	%
0 - Dhá Sheachtain	6125	51%	6016	51%	6120	55%
Dhá - Cheithre Sheachtain	2024	17%	2097	18%	1646	15%
Ceithre Seachtaine - Trí Mhí	2568	21%	2415	21%	2223	20%
Trí Mhí - Sé Mhí	859	7%	873	7%	709	6%
Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag	205	2%	330	3%	373	3%
Os Cionn Bliana	4	0%	51	0%	102	1%
LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA	11785	98%	11672	100%	11173	100%
Faoi Bhreithniú	190	2%	13	0%	18	0%
IOMLÁN	11975		11795		11191	



4.2 TORTHAÍNA GCÁSANNA ARNA N-IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL

4.2.1 Soláthraítear faisnéis i gCairteacha 6 go dtí 10 ar ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2012 agus 2014. Mar a tagraíodh sa nóta mínithe tosaigh, ba chóir a bheith cúramach agus comparáid á dhéanamh le figiúirí a sholáthraíonn aon eagraíocht eile, mar go bhféadfadh siad a bheith curtha le chéile ar bhealach éagsúil.

4.2.2 Baineann na figiúirí sna cairteacha seo le daoine aonair a raibh amhras fúthu a raibh treoir déanta iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear staitisticí ar bhonn duine a raibh amhras faoi seachas ar bhonn comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoracha i ndáil le gach duine aonair a bhíonn laistigh de chomhad seachas in aghaidh comhaid iomlán mar aonán ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a sholáthraítear, déantar treoracha éagsúla go minic i ndáil le daoine aonair a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Tagraíonn na tagairtí sna cairteanna sin do 'chásanna' d'ionchúisimh a thógtar in aghaidh daoine aonair a mbíonn amhras fúthu. Cé go bhféadfaí daoine aonair ar chomhad a thabhairt chun trialach le chéile nuair a bhíonn treoir déanta iad a ionchúisimh i gcúirteanna le dlínse comhionann, baileofar fíorasc gach duine aonair ar leithligh d'fhonn na staitisticí sin.

4.2.3 Soláthraítear staitisticí ar an mbunús de thoradh amháin in aghaidh gach duine; beag beann ar an líon cúiseanna agus cionta a liostaítear ar an díotáil. Bristear na ciontuithe síos mar seo a leanas: ciontaithe ag giúiré, ciontaithe ar phléadail, agus ciontaithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is ionann ciontú ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach agus nár ciontaíodh an t-amhrasach as an bpríomhchúiseamh nó as an gcúiseamh níos tromchúisí ar an

díotáil. Tá an catagóiriú cionta a úsáidtear sna príomhchairteacha de réir an phríomhchiona nó an cion is tromchúisí ar an díotáil. Dá bhrí sin, sa chás go ndéantar an cosantóir a chiontú le cion nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh an cion nó na cionta a chiontaítear ann iad a bheith éagsúil ón gcion a mbíonn siad catagóirithe faoi sna cairteacha. Mar shampla, d'fhéadfaí duine a chúiseamh i ndúnmharú ach ar deireadh go gciontófaí an duine sin i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach sin i ndúnorgain nó cúisithe i dtrom-bhuirgléireacht ach ciontaithe ar deireadh i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach i mbuirgléireacht. Tá briseadh síos ar chiontuithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach i ndáil leis na cásanna a éistíodh sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i gcairteacha 8A agus 9A. Sa chás go ndéantar amhrasach a chatagóiriú mar 'éigiontaithe', ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine éigiontaithe i ngach cúiseamh.

4.2.4 Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go mbaineann staitisticí atá leagtha amach sna cairteacha seo le cad a tharla sa chúirt trialach agus sin amháin agus ní i gcúirt achomhairc ina dhiaidh sin. Is é sin le rá sa chás go gciontaítear duine agus go ndéantar an ciontú sin a chealú nuair a dhéantar é a achomharc, léirítear toradh na trialach i gcónaí sna staitisticí mar chiontú.

4.2.5 Ba chóir a bheith cúramach i ndáil leis na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe a léirmhíniú maidir leis na blianta is déanaí, toisc nach mbeidh líon ard cásanna tugtha chun críche. Ní bheidh an pictiúr a bheidh le feiceáil ó na staitisticí seo chomh iomlán agus chomh ionadaíoch leo sin i ndáil le blianta roimhe sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cásanna a chualthas luath go maith mar shampla ionadaíoch ar an iomlán.

Léiríonn Cairt 6 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2012 go 2014 (suas go Bealtaine 2016). Baineann na figiúirí le:

Ciontú: Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


Scaoileadh saor: An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

Gan éisteacht go fóill: Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

NÓTA: Níor cuireadh figiúirí 2015 san áireamh de bharr go bhfuil formhór mór na gcásanna sin le dul os comhair cúirte fós agus de bharr gur dócha nach léireodh fothorthaí an líon beag cásanna a bhfuil torthaí ar fáil dóibh an scéal críochnaitheach maidir leis na cásanna go léir.


CAIRT 6: TORTHAÍ NA GCÁSANNA - IONCHÚISIMH AR DÍOTÁIL

Toradh	2014	%	2013	%	2012	%
Ciontú	2095	66%	2359	76%	2586	75%
Scaoileadh saor	111	4%	163	5%	175	5%
Gan Éisteacht go Fóill	862	27%	446	14%	570	16%
Caite amach/Éiríodh as	105	3%	141	5%	130	4%
IOMLÁN	3173	100%	3109	100%	3461	100%



CAIRT 6A: ACHOIMRE - CIONTAITHE/SCAOILEADH SAOR
(CÁSANNA NÁR ÉISTÍODH GO FÓILL GAN BHEITH SAN ÁIREAMH)

	2014	%	2013	%	2012	%
Ciontaithe ag Giúiré	75	3%	103	4%	163	6%
Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach	2020	92%	2256	89%	2423	88%
CIONTAITHE - IOMLÁN	2095	95%	2359	94%	2586	94%
Scaoilte Saor ag Giúiré	57	3%	94	4%	109	4%
Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh	54	2%	69	3%	66	2%
SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN	111	5%	163	6%	175	6%
IOMLÁN	2206	100%	2522	100%	2761	100%



Tugann Cairt 7 briseadh síos ar na hionchúisimh a treoríodh ar díotáil a éisteacht sa Chúirt Chuarda. Is iad na cásanna atá rangaithe mar ‘Le hÉisteacht’ ná na cásanna sin nach bhfuil fíorascair faideadta go fóill ina leith. I gcuid de na cásanna seo, d’fhéadfadh tús a bheith curtha ag triail le hÉisteachtaí, ach go mbeadh na himeachtaí stoptha ag iaratas ar Athbhreithniú Breithiúnach. I gcásanna eile, d’fhéadfadh sé go bhfuil an cosantóir éalaithe roimh an triail agus go bhfuil barántas binse agus/nó imeachtaí eiseachadta i bhfeidhm. B’fhéidir le cásanna eile, go háirithe iad sin de chineál casta, nach bhfuil siad tagtha chun trialach go fóill. Mar gheall ar an gcion mór de cásanna ‘Le hÉisteacht’ atá ann, níl na figiúirí sna blianta is déanaí chomh hionadaíoch. Tá feidhm ag an gcoinníoll sin freisin i gcás Chairteanna 8 agus 9. I gcás go mbíonn easaontas faoi thoradh trialach, déileáiltear leis an gcás fós mar ‘Le hÉisteacht’ mura mbíonn *nolle prosequi* iontráilte.

CAIRT 7: TORTHÁIN NA GCÁSANNA A IONCHÚISIODH SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA

	IOMLÁN			Ciontú ag Giúiré			Ciontú ar Phléadail			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigíontú ag Giúiré			Éigíontú ag Threoir an Bhreithimh			Le hÉisteacht			Dúscar ar Shlí Eile		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Timpistí Marfacha ag an Obair	4	6	6	0	0	0	2	2	4	0	1	0	0	0	0	0	0	1	2	2	1	0	1	0
Dúnorgain Dúnorgain	6	4	12	1	0	1	2	2	7	0	0	0	0	1	2	0	1	0	3	0	2	0	0	0
Cionta Marfacha eile	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
IOMLÁN - CIONTA MARFACHA	10	10	18	1	0	1	4	4	11	0	1	0	0	1	2	0	1	1	5	2	3	0	1	0
Buirgléireacht	296	303	309	1	3	8	190	242	222	21	14	19	0	2	4	1	7	5	73	28	46	10	7	5
Calaois	65	35	30	1	1	0	39	21	18	0	2	0	0	0	1	0	0	0	24	10	10	1	1	1
Robáil	422	383	472	1	2	3	323	304	367	11	17	16	3	1	3	5	7	4	74	42	61	5	10	18
Goid	186	148	193	4	1	3	120	105	125	11	10	14	3	1	2	4	3	5	41	23	41	3	5	3
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	292	293	319	3	6	7	174	190	215	19	18	23	1	3	6	3	6	6	80	57	55	12	13	7
IOMLÁN - CIONTA IN AGHAIDH MAOIN	1261	1162	1323	10	13	21	846	862	947	62	61	72	7	7	16	13	23	20	292	160	213	31	36	34
Bugaíreacht	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	0
Pornagrafaíocht Leanaí	16	13	17	0	0	0	7	10	12	0	1	1	0	0	0	0	1	0	9	1	4	0	0	0
Ionsaí Gnéis	87	79	83	7	4	10	27	36	44	4	2	2	3	8	6	4	4	2	38	13	17	4	12	2
Leambh a thruailliú	11	14	28	0	0	0	6	11	21	0	0	1	0	0	0	0	0	2	5	2	3	0	1	1
Cionta Gnéis Eile	54	41	50	1	2	5	20	25	30	1	0	1	0	3	2	2	1	1	28	8	9	2	2	2
IOMLÁN - CIONTA GNÉIS	168	147	179	8	6	15	60	82	107	5	3	5	3	11	8	6	6	5	80	24	34	6	15	5
Tiomáint Chontúirreach is Triúg Bháis	36	22	18	0	1	2	19	15	14	5	1	2	3	1	0	1	0	0	8	4	0	0	0	0
Tógáil Neamhúdaraíthe Mótairfeithiclí	31	23	34	0	0	0	20	16	20	4	4	5	0	0	0	0	0	1	6	3	7	1	0	1
Cionta Tráchta Bóthair Eile	61	56	49	1	2	2	28	35	27	7	8	9	2	2	1	0	0	2	23	8	7	0	1	1
IOMLÁN - CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR	128	101	101	1	3	4	67	66	61	16	13	16	5	3	1	1	0	3	37	15	14	1	1	2
Cionta Drugaí	477	535	569	6	6	4	177	220	212	192	232	236	0	3	1	4	7	5	78	46	93	20	21	18
Cionta Arm Tíne agus Pléascán	89	89	130	1	3	1	46	50	90	14	19	17	2	2	0	0	0	3	24	13	12	2	2	7
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	605	656	668	14	23	25	338	398	380	40	44	55	33	50	46	19	18	14	136	82	113	25	41	35
Cionta Oird Phoiblí	179	170	193	0	5	4	74	103	93	23	16	28	3	3	8	9	0	12	62	39	40	8	4	8
Cionta Ioncaim	35	34	36	0	0	0	14	15	21	0	1	2	0	0	2	0	0	0	21	16	11	0	2	0
Iascach Mara	5	12	18	0	1	0	1	8	4	0	0	0	0	1	0	0	0	0	4	0	13	0	2	1
Cionta Eile	70	57	63	5	2	6	20	28	32	6	7	6	0	1	4	3	0	3	35	16	11	1	3	1
MÓR-IOMLÁN	3027	2973	3298	46	62	81	1647	1836	1958	358	397	437	52	82	88	55	55	66	774	413	557	94	128	111

CAIRT 7A: BRISEADH SÍOS MAR 'DÍUSCAIRT AR SHLÍ EILE' Ó CHAIRT 7

	2014	2013	2012
Taifeadadh <i>Nolle Prosequi</i>	80	103	101
Scríosadh Amach	3	5	4
Cuireadh san áireamh	2	4	1
Iarratas rathúil chun cúisimh a dhíbhe	2	1	1
An duine atá faoi dhrochamhras tar éis éalú gan aon súil go bhfillfidh sé/sí	2	10	1
An duine atá faoi dhrochamhras a bheith neamhfheidhmiúil chun pléadail a dhéanamh	2	0	0
Neamhchiontach mar gheall ar ghealtacht	3	5	3
IOMLÁN	94	128	111

CAIRT 7B: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

	IOMLÁN			Céatadán Ciontuithe		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Timpistí Marfacha ag an Obair	2	3	5	100%	100%	80%
Dúnorgain	3	4	10	100%	50%	80%
Cionta Marfacha eile	0	0	0	N/A	N/A	N/A
IOMLÁIN - CIONTA MARFACHA	5	7	15	100%	71%	80%
Buirgléireacht	213	268	258	100%	97%	97%
Calaois	40	24	19	100%	100%	95%
Robáil	343	331	393	98%	98%	98%
Goid	142	120	149	95%	97%	95%
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	200	223	257	98%	96%	95%
IOMLÁIN - CIONTA IN AGHAIDH MAOIN	938	966	1076	98%	97%	97%
Bugaireacht	0	0	0	N/A	N/A	N/A
Pornagrafaíocht Leanaí	7	12	13	100%	92%	100%
Ionsaí Gnéis	45	54	64	84%	78%	88%
Gnéas le Duine atá Faoi Aois	6	11	24	100%	100%	92%
Cionta Gnéis Eile	24	31	39	92%	87%	92%
IOMLÁIN - CIONTA GNÉIS	82	108	140	89%	84%	91%
Tiomáint Chontúirteach is Triúg Bháis	28	18	18	86%	94%	100%
Tógáil Neamhúdairithe Mótairfeithiclí	24	20	26	100%	100%	96%
Cionta Tráchtá Bóthair Eile	38	47	41	95%	96%	93%
IOMLÁN - CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR	90	85	85	93%	96%	95%
Cionta Drugaí	379	468	458	99%	98%	99%
Cionta Arm Tine agus Pléascán	63	74	111	97%	97%	97%
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	444	533	520	88%	87%	88%
Cionta Oird Phoiblí	109	127	145	89%	98%	86%
Iascach Mara	14	16	25	100%	100%	92%
Cionta Ioncaim	1	10	4	100%	90%	100%
Cionta Eile	34	38	51	91%	97%	86%
MÓR-IOMLÁN	2159	2432	2630	95%	94%	94%

Leagann an chairt 8 amach torthaí cásanna a treoraíodh i gcomhair ionchúisimh sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

CAIRT 8: TORTHÁÍ NA GCÁSANNA A IONCHÚISIODH AR DÍOTÚIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL SPEisialTA

	Iomlán			Ciontú ag Breithiúnaes			Ciontú ag Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Eigiontú ag Breithiúna			Diuscáirt ar Shlí Eile			Le hÉisteacht		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	14	25	13	0	2	2	0	3	1	8	2	6	0	15	2	0	1	0	6	2	2
Cionta Arm Tine & Pléascán	3	3	9	0	0	3	0	1	1	0	0	0	0	0	2	0	0	3	3	2	0
Dúnmharú	0	5	5	0	0	3	0	1	2	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	3	0
IOMLÁN	17	33	27	0	2	8	0	5	4	8	2	6	0	15	4	0	2	3	9	7	2

CAIRT 8A: BRISEACH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ

Príomh Chúis	Ciontú ar Chiseamh Níos Lú			IOMLÁN			Ciontú ag Breithiúnaes			Ciontú ag Phléadáil		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta mhara	Cionta Arm Tine & Pléascán			5	2	6	3	0	1	2	2	5
	Calaois			1	0	0	0	0	0	1	0	0
	Cionta Eile in Aghaidh Maoine			8	0	0	0	0	0	2	0	0
IOMLÁN	8	2	6	8	2	6	3	0	1	5	2	5

CAIRT 8B: BRISEADH SÍO S MAR 'DÍUSCAIRT AR SHLÍ EILE' Ó CHAIRT 8

	2014	2013	2012
<i>Nolle Prosequi</i> Iontrailte	0	2	3
IOMLÁN	0	2	3

CAIRT 8C: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

	IOMLÁN			Céatadhán Cionthuithe		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Cionta Arm Tine & Pléascán	0	1	6	N/A	100%	67%
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	8	22	11	100%	32%	82%
Cionta Eile	0	1	5	N/A	100%	100%
IOMLÁN	8	24	22			

Tugann Cairt 9 imlíne ar thoradh na gcásanna a treoraíodh lena n-ionchúiseamh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus briseadh síos ar na cásanna go léir tríd de réir an chúisimh ba thromchúisí in aghaidh an chosantóra. Déanann na cairteanna forlontacha briseadh síos ar thorthaí ciontuithe ar chúiseamh níos lú agus diúscairt ar shlí eile.

CAIRT 9: TORADH NA GCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÚIL SA PHRÍOMH-CHÚIRT CHOIRIÚIL

	IOMLÁN			Ciontú le Giúiré			Ciontú ag Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigíontú le Giúiré			Éigíontú le Treoir ón mBreitheamh			Diúscairt ar Shlí Eile			Le hÉisteacht		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Dúnmharú	51	27	37	8	10	17	2	3	3	3	6	8	0	2	3	0	0	0	7	1	6	31	5	0
Iarracht Dúnmharaithe	4	2	3	0	1	0	0	1	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	1	3	0	0
Comhcheilg um Dhúnmharú	65	67	84	6	7	19	8	11	24	3	13	11	3	7	11	0	1	2	2	6	7	43	22	10
Iarracht Éignithe	6	2	7	0	0	2	3	1	2	2	1	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	2
Tromionsaí Gnéis	0	2	2	0	0	1	0	1	0	0	0	0	0	1	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Cuidiú le ciontóir	1	1	2	0	0	2	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0
Ionsaí Gnéis	0	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	1	0
Buirgléireacht	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	0
Dlí iomaíochta	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	2	0	0
IOMLÁN	129	103	136	14	18	41	14	17	31	8	20	20	3	10	15	0	1	2	10	8	15	80	29	12

CAIRT 9A: BRISEADH SÍOS MAIDIR LE CIONTÚ I GCÚISEAMH NÍOS LÚ

An Phríomhchúis	Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú	IOMLÁN			Ciontú le Giúiré			Ciontú ag Phléadáil		
		2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Dúnmharú	Dúnorgain	3	5	6	2	2	1	1	3	5
Dúnmharú	Cuidiú le Ciontóir	0	0	1	0	0	0	0	0	1
Dúnmharú	lonsaí is cúis le díobháil thromchúiseach	0	1	0	0	1	0	0	0	0
Dúnmharú	Cionta Marfacha eile	0	0	1	0	0	1	0	0	0
Éigniú	Tromionsaí Gnéis	1	0	2	0	0	0	1	0	2
Éigniú	lonsaí is cúis le Díobháil	0	2	4	0	2	3	0	0	1
Éigniú	Iarracht ar Éigniú	0	1	1	0	1	0	0	0	1
Éigniú	Cionta gnéis eile	2	1	0	1	1	0	1	0	0
Éigniú	Gnéas le Duine atá Faoi Aois	0	4	2	0	1	0	0	3	2
Éigniú	lonsaí Gnéis	0	4	2	0	2	2	0	2	0
Éigniú	Goid	0	1	0	0	0	0	0	1	0
Éigniú	Bagairt Marú	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Iarracht ar Éigniú	Cionta gnéis eile	0	0	1	0	0	0	0	0	1
Iarracht ar Éigniú	lonsaí Gnéis	2	1	0	0	0	0	2	1	0
IOMLÁN		8	20	20	3	10	7	5	10	13

CAIRT 9B: BRISEADH SÍOS MAR 'DIÚSCAIRT AR SHLÍ EILE'

	2014	2013	2012
<i>Nolle Prosequi</i> Iontrailte	2	6	8
Duine atá faoi amhras neamh-inniúil ar phléadáil	1	1	1
Amhrastach Básaithe	0	1	0
Iarratas rathúil chun cúisimh a dhíbhe	1	0	0
Caite Amach	1	0	0
Neamh Chiontach de Bharr Gealtachta	5	0	6
IOMLÁN	10	8	15

**CAIRT 9C: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE
(LENA N-ÁIRÍEAR CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ)**

	IOMLÁN			Céatadhán Ciontuithe		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Dúnmharú	13	21	31	100%	90%	90%
Iarracht Dúnmharaithe	0	2	2	N/A%	100%	100%
Éigniú	20	39	67	85%	79%	81%
Iarracht Éignithe	5	2	5	100%	100%	100%
Tromionsaí Gnéis	0	2	2	N/A	50%	50%
Cuidiú le Ciontóir	1	0	2	100%	N/A	100%
IOMLÁN	39	66	109	92%	8%	84%

Tugann Cairt 10 briseadh síos ar fhíoraisc na gcás do gach cúirt choiriúil chuarda. Murab amhlaidh le Cairt 7, ní áirítear inti cásanna ‘atá le hÉisteacht’ nó cásanna a raibh aon toradh eile orthu seachas ciontú nó éigiontú. Tabhair ar aird i roinnt cásanna, go bhféadfadh triail a bheith i gcúirt chuarda nach i an cúirt chuarda i don chontae ina ndearnadh an cion.

CAIRT 10: TORTHÁI NA GCÁSANNA A IONCHÚISIÓDH AR DÍOTÁIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA DE RÉIR CONTAE	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú le Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Eigiontú ag Giúiré			Éigiontú le Treoir ón mBreitheamh		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Ceatharlach	29	21	23	1	1	3	21	12	17	4	6	2	2	1	1	1	1	0
An Cabhán	25	35	27	1	0	0	17	26	23	6	7	2	0	2	2	1	0	0
An Clár	62	38	62	0	1	4	41	27	39	19	8	17	1	1	2	1	1	0
Corcaigh	350	339	249	9	9	7	279	263	199	50	46	34	6	10	5	6	11	4
Dún na nGall	30	45	44	1	2	1	19	40	38	10	2	2	0	1	3	0	0	0
Baile Átha Cliath	825	975	1112	10	15	18	630	719	827	166	196	224	8	25	21	11	20	22
Gaillimh	89	73	87	3	7	2	73	48	59	13	6	22	0	7	2	0	5	2
Ciaraí	52	67	76	0	3	1	43	52	61	7	11	11	2	1	1	0	0	2
Cill Dara	65	68	106	2	4	9	49	50	75	6	9	14	4	2	5	4	3	3
Cill Chainnigh	29	31	33	3	1	1	19	23	19	6	5	5	1	0	3	0	2	5
Laois	24	30	65	0	0	4	18	23	44	4	4	6	2	2	9	0	1	2
Liatroim	4	8	7	0	1	0	3	5	6	1	2	0	0	0	1	0	0	0
Luimneach	69	124	92	1	2	3	57	111	76	9	10	13	2	1	0	0	0	0
An Longford	17	28	32	0	0	1	11	20	30	5	8	1	0	0	0	1	0	0
Lú	50	45	83	1	1	3	43	36	62	4	7	7	0	1	10	2	0	1
Maigh Eo	35	64	54	1	2	5	27	44	43	4	13	5	3	5	1	0	0	0
An Mhí	37	48	41	3	0	2	27	40	29	3	7	6	2	0	0	2	1	4
Muineachán	10	11	18	0	0	0	8	10	12	2	1	2	0	0	1	0	0	3
Uíbh Fhailí	24	18	52	0	1	0	17	13	36	4	1	8	1	3	5	2	0	3
Ros Comáin	16	21	18	0	0	2	8	14	12	3	5	3	3	2	1	2	0	0
Sligeach	21	38	38	1	0	0	13	33	24	3	3	4	0	1	6	4	1	4
Tiobraid Árann	59	104	93	2	4	7	43	74	63	9	15	22	3	6	0	2	5	1
Port Láirge	81	63	57	1	4	0	58	47	41	8	6	6	8	5	6	6	1	4
An Iarmhí	41	43	59	0	1	0	34	33	47	3	4	7	0	3	3	4	2	2
Loch Garman	52	40	60	1	0	6	41	28	43	7	10	9	1	1	0	2	1	2
Cill Mhantáin	63	55	41	5	3	2	48	45	33	2	5	4	4	2	0	4	0	2
IOMLÁN	2159	2432	2629	46	62	81	1647	1836	1958	358	397	436	53	82	88	55	55	66

CAIRT 10A: IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

	IOMLÁN			Céatadán Cionthuithe		
	2014	2013	2012	2014	2013	2012
Ceatharlach	29	21	23	90%	90%	96%
An Cabhán	25	35	27	96%	94%	93%
An Clár	62	38	62	97%	95%	97%
Corcaigh	350	339	249	97%	94%	96%
Dún na nGall	30	45	44	100%	98%	93%
Baile Átha Cliath	825	975	1112	98%	95%	96%
Gaillimh	89	73	87	100%	84%	95%
Ciarraí	52	67	76	96%	99%	96%
Cill Dara	65	68	106	88%	93%	92%
Cill Chainnigh	29	31	33	97%	94%	76%
Laois	24	30	65	92%	90%	83%
Liatroim	4	8	7	100%	100%	86%
Luimneach	69	124	92	97%	99%	100%
An Longford	17	28	32	94%	100%	100%
Lú	50	45	83	96%	98%	87%
Maigh Eo	35	64	54	91%	92%	98%
An Mhí	37	48	41	89%	98%	90%
Muineachán	10	11	18	100%	100%	78%
Uíbh Fhailí	24	18	52	88%	83%	85%
Ros Comáin	16	21	18	69%	90%	94%
Sligeach	21	38	38	81%	95%	74%
Tiobraid Árann	59	104	93	92%	89%	99%
Port Láirge	81	63	57	83%	90%	82%
An Iarmhí	41	43	59	90%	88%	92%
Loch Garman	52	40	60	94%	95%	97%
Cill Mhantáin	63	55	41	87%	96%	95%
IOMLÁN	2159	2432	2629	95%	94%	94%

4.3 IARRATAIS CHUIG NA CÚIRTEANNA

Soláthraíonn Cairteacha 11 go 14 mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.

IARRATAIS CHUIG AN GCÚIRT ACHOMHAIRC (COIRIÚIL)

Bunaíodh an Chúirt Achomhairc nua i nDeireadh Fómhair 2014 faoin Acht um an gCúirt Achomhairc 2014. Suíonn an Chúirt idir an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach agus ghlac sí chuici féin an dlínse achomhairc a bhí ag an gCúirt Uachtarach in ábhair shibhialta agus a bhí ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil in ábhair choiriúla. Rinneadh an chéad chás achomhairc choiriúil a éisteacht ar an 10 Samhain 2014.

I gCairt 11 thíos, tugtar mionsonraí faoin líon achomharc ar déileáladh leo ó thráth bunaithe na cúirte nua. Áiríonn na staitisticí cásanna a raibh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag feidhmiú mar iarratasóir iontu, de bhreis ar chásanna a raibh an Stiúrthóir ag feidhmiú mar fhreagróir iontu.

CHART 11: TORADH ACHOMHARC CHUIG AN GCÚIRT ACHOMHAIRC (COIRIÚIL) Ó SHAMHAIN 2014

Bliain	Achomharc ag DPP	Déine na pianbhreithe	Ciontú	Ciontú agus Géire	Iomlán na gCásanna
Samh – Noll 2014	10	37	9	13	69
Ean – Noll 2015	44 *	195	40	54	333
Ean – Meith 2016	27	84	17	38	166
Iomlán	81	316	66	105	568

* Feic nóta ar leathanach 49 tharleathanach

IARRATAIS MAIDIR LE HATHBHREITHNIÚ AR PHIANBHREITH AR FHORAS RÓTHRÓCAIRE

Foráiltear le hAlt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, go bhféadann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith a ghearr cúirt na trialach, más dealraitheach go bhfuil an phianbhreith róthrócaireach faoin dlí.

Tugtar sonraí i gCairt 12 thíos faoi líon na n-iarratas a rinneadh ó tugadh isteach an tAcht.

I gCairt 12A, leagtar amach torthaí iarratas, le 10 mbliana anuas, de réir na bliana inar éisteadh an t-iarratas.

CAIRT 12: IARRATAÍS AR PHIANBHREITHEANNA A ATHBHREITHNIÚ AR FHORAS ROTHROCIARE

Bliain an Iarratais	An Líon Iarratas a Taisceadh	Bliain an Iarratais	An Líon Iarratas a Taisceadh
1994	2	2005	37
1995	2	2006	41
1996	3	2007	42
1997	4	2008	58
1998	12	2009	57
1999	34	2010	54
2000	31	2011	55
2001	23	2012	21
2002	23	2013	32
2003	26	2014	31
2004	21	2015	38 *

* D'athraigh an méid feidhmeanna curtha isteach i 2015 ó 51 go 38 ina dhiaidh foilseacháin an tuarisc seo dá bhrí earráid ins an uimhir bunúsach.

CAIRT 12A: TORTHAÍ NA NIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR ÉISTEADH IAD

Bliain Thaisceadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
2006	33	15	2	50
2007	30	6	3	39
2008	30	14	3	47
2009	15	13	3	31
2010	27	27	3	57
2011	22	18	3	43
2012	15	10	3	28
2013	16	6	4	26
2014	23	11	2	36
2015	36	10	5	51

COIGISTIÚ AGUS FORGHÉILLEADH SÓCMHAINNÍ COIRIÚLA

Tá cruthaithe gur éifeachtach an deis atá ar fáil ag lucht an Ionchúisimh chun laghdú ar an bhfáltas ó bheartaíocht choiriúil a gcuid sócmhainní a bhaint de choirpigh ciontaithe faoi mar a bhforáiltear dó faoi fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú). Cuireadh brainse faoi leith maidir le hUrghabháil Sócmhainní ar bun in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa bhliain 2007 ina ndéantar comhordú agus monatóireacht maidir le gach iarratas a thugtar chun cinn faoin Acht. Bíonn idirchaidreamh leanúnach ar bun ag an mbrainse sin leis an nGarda Síochána, le hAturnaetha Stáit agus, i gcásanna cuí, le Aonad Imscrúdúcháin na gCoimisinéirí Loncainm, d'fhonn an sárchleachtas a chinntiú i ndáil le coigistiú agus le forghéilleadh sócmhainní coiriúla.

Maidir leis na comhaid urghabhála sócmhainní a fuarthas san Oifig faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994, bhain siad le nithe amhail cásanna i ndáil le horduithe forghéillte, cásanna i ndáil le horduithe coigistithe agus cásanna i ndáil le hiarratais ar orduithe calctha. Leagtar amach i gcairt 13 líon iomlán na gcásanna a osclaíodh i rith na bliana 2015.

CAIRT 13: COMHAID CHOGAISTITHE SÓCMHAINNÍ A OSCLAÍODH IN 2015

Comhaid Chogaistithe Sócmhainní a Osclaíodh in 2014	
Iarratais faoi Alt 39 (Aturnaetha na gCoimisinéirí Loncainm agus Gardaí)	25
Iarratais faoi Alt 4 agus Alt 9	5
Iarratais faoi Alt 61	1
Iarratais faoi Alt 24	4
IOMLÁN	35

Orduithe Forghéillte faoi Alt 39: Faoi alt 39 an Achta is féidir le Breitheamh sa Chúirt Chuarda a ordú go bhforghéilltear aon airgead tirim a rinneadh a urghabháil faoi alt 38* an Achta sa chás go bhfuiltear sásta gur airgead tirim sin is fáltas go díreach nó go hindíreach ó choireacht nó atá beartaithe a úsáid ag duine ar bith i ndáil le gáinneáil drugaí.

* [Faoi alt 38 an Achta, tugtar údarás le hairgead tirim a urghabháil sa chás go bhfuil cúis réasúnach ag duine den Gharda Síochána nó ag oifigeach Custaim agus Máil bheith in amhras gur fáltas dhuine ar bith ó iompar coireachta an t-airgead tirim (airgead san áireamh a dtagtar air le linn cuardaigh). Ní féidir an t-airgead tirim a dhéanann Garda nó oifigeach Custaim agus Máil a urghabháil a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná 48 uair a chloig mura dtugann Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche údarás leis an airgead a choinneáil ar feadh tamall níos faide. Is féidir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt leanacht den airgead tirim a choinneáil ar feadh tréimhsí suas le dhá bhliain.]

Orduithe Coigistithe faoi Alt 4: Faoi fhorálacha alt 4 an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú) ón uair a chiontaítear duine ar díotáil i gcion gáinneála drugaí agus a ngearrtar pianbhreith air, ní mór do Chúirt na trialach breith a thabhairt cibé an raibh gnóthachtáil ag an duine ciontaithe ón gcion, oiread na gnóthachtála sin agus an tsuim maidir le hOrdú Coigistithe is inréadaithe a urscaoileadh. Féadfaidh an Chúirt Ordú Coigistíochta a dhéanamh ansin don fhiúir sin.

Orduithe Coigistithe faoi Alt 9: Ceadáítear faoi alt 9 an Achta an ghnóthachtáil atá bainte ag Cúisí as cion indíotáilte ar bith seachas cionta maidir le gáinneáil drugaí a choigistiú ar chiontú an té sin. Is féidir leis an gCúirt Chuarda fiosrúchán a dhéanamh maidir leis an ngnóthachtáil a bhí as ag an té sin tar éis pianbhreith a ghearradh air. Ní mór do lucht an Ionchúisimh a chruthú go mbaineann an ghnóthachtáil go díreach leis an gcion ina gcúisítear an cúisí.

Orduithe Forghéillte faoi Alt 61: Ceadaítear faoi alt 61 an Achta forghéilleadh sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda ar aon mhaoín a úsáidtear chun cion a dhéanamh, nó an bealach a réiteach do chion a dhéanamh. Déanann an Oifig iarratais faoin alt i ndáil le réimse leathan cineálacha éagsúla sócmhainní, mar shampla carranna a úsáidtear chun coirpigh a thabhairt go láthair na coire agus ón láthair arís, chomh maith le hairgead agus fearas coire, mar shampla trealamh chun drugaí a ullmhú a dtagtar air ar láthair coire nó ina ghaobhar.

Orduithe Calctha faoi Alt 24: Foráiltear faoi alt 24 an Achta don DPP iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar ordú calctha sa chás go gcúisítear duine, nó go bhfuil socraithe go gcúiseofar duine, i gcion indíotála. Is féidir gach maoín a shonraítear a bheith faoi úinéireacht an té a chúisítear in Éirinn nó thar lear a thabhairt i gceist le hordú calctha. Tá orduithe calctha ceaptha scaipeadh ar shócmhainní a chosc sula ndéantar fiosrúchán faoi choigistiú i gCúirt na Trialach sa chás go gciontaítear ar díotáil an cúisí sa chion a bhaineann leis an gcúis.

Leagtar amach mionsonraí maidir le hOrduithe Coigistithe agus le hOrduithe Forghéillte a rinne na cúirteanna i rith na bliana 2014, ar bhain luach iomlán €1,185,785.21 leo, i gcairt 13A thíos. Ní áiríonn an figiúr sin ordú chun airgead mídhílsithe, i leith shuim €38,625 a aiseag chuig na páirtithe díobháilaithe ónar goideadh é, ar ordú é a deonaíodh faoi alt 56 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001.

CAIRT 13A: COMHAID CHOGAISTITHE SÓCMHAINNÍ A OSCLAÍODH

Orduithe	Líon	Suim
Orduithe Forghéillte	3	€120,373.00
Alt 4 Orduithe Coigistithe	8	€267,313.00
Alt 9 Orduithe Coigistithe	2	€1,804,276.00
Alt 39 Orduithe Forghéillte (Gardaí)	6	€62,285.00
Alt 39 Orduithe Forghéillte (Iarratais Aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim)	30	€1,145,434.44
IOMLÁN	49	€3,399,681.44

BARRÁNTAS GABHÁLA EORPACH

Tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Tugtar de shainmhíniú ar an mBarántas Gabhála Eorpach (EAW) in Alt 2 den Acht gur cinneadh Cúirte é i mballstát amháin de chuid an AE atá dírithe ar Chúirt i mballstát eile de chuid an AE chun críche “ionchúiseamh coiriúil a sheoladh nó pianbhreith choinneála a chur i bhfeidhm sa bhallstát eisiúna”.

Cuireann aonad eiseachadta an Gharda Síochána iarratais maidir le barántas EAW a ullmhú faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. De ghnáth, déanann Aturnae de chuid na hOifige iarratas ar bharántas EAW le Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte ina suí i mBaile Átha Cliath agus ar a eisiúint don Ard-Chúirt, seoltar an barántas EAW chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí lena chur ar aghaidh chun na tíre ina meastar cónaí ar an duine atá á iarraidh. Le halt 33 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 foráiltear gur féidir le Cúirt Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint más rud é go bhféadfadh sé tarlú go ndlífeadh an duine a iarrtar, má chiontaítear é/í sa chion (arb é is ábhar don Bharántas Gabhála Eorpach) téarma príosúnachta 12 mhí nó níos mó a chur isteach. Mar mhalairt air sin, i gcás an duine a bheith ciontaithe i gcion, is féidir Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint i leith an chiona sin, más gá don duine iarrtha téarma príosúnachta 4 mhí ar a laghad a chur isteach mar phianbhreith. Tá réimse leathan cionta tromchúiseacha i gceist leo sin ar iarradh barántas EAW ina leith, ina measc dúnmharú, cionta gnéis, cionta i ndáil le drugaí, gadaíocht agus ionsaithe tromchúiseacha.

Leagtar amach i gCairt 14 thíos líon na mBarántas Gabhála Eorpach ar déileáladh leo i rith na mblianta 2013, 2014 agus 2015. Ba chóir a thabhairt ar aird nach gá gur i rith na bliana céanna a dtagann comhad faoi bhráid a tharlódh eisiúint an bharántais EAW agus géilleadh an duine. Áirítear leis na comhaid a fuarthas 84 comhad a bhfuiltear ag feitheamh ar iarratas ina leith, nó nach ndearnadh aon iarratas ar bharántas EAW ina leith, nó ar tarraingíodh siar an barántas EAW ina leith mar gheall gur threoraigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amhlaidh, ar gabhadh an duine a bhí á iarraidh in Éirinn, nó ar tharla bás an duine a bhí á iarraidh nó bás an ghearánaí.

CAIRT 14: BARRÁNTAS GABHÁLA EORPACH

Bliain	Comhaid EAW a Fuarthas ó na Gardaí	EAWanna a Eisíodh	Daoine a Tugadh Suas
2013	74	50	39
2014	74	48	31
2015	106	92	17

4.4 IARRATAÍ AR EISEACHADADH

Déanann Aonad Eisceachadta an Gharda Síochána iarrataí ar ullmhú/eisiúint iarrataí Eisceachadta (eiseachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh) a chur faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Nuair atá na hlarrataí Eisceachadta sin réidh, eisítear iad trí na hiarrataí a chur ar aghaidh chuig Lár-Údarás na hÉireann, is é sin le rá, an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais. Ina dhiaidh sin, déanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hlarrataí Eisceachadta sin a tharchur trí bhealaí taidhleoireachta.

Faoi láthair, tá Conarthaí Eisceachadta déthaobhacha ag Éirinn le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus leis an Astráil. De bheis air sin, tá an Coinbhinsiún Eorpach um Eiseachadadh (Páras 1957) daingnithe ag Éirinn.

Sa bhliain 2015, fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 8 chomhad ón nGarda Síochána á lorg go ndéanfaí larrataí Eisceachadta a ullmhú agus a eisiúint.

Eisíodh 10 larraidh Eisceachadta sa bhliain 2015, agus cuireadh 1 cheann díobh chuig an Afraic Theas, cuireadh 5 gcinn díobh chuig an Astráil, cuireadh 2 cinn díobh chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuireadh 1 cheann díobh chuig Geirsí (Oileán Mhuir nlocht) agus cuireadh 1 cheann díobh chuig An Bhrasaíl.

CAIRT 15: IARRATAÍ AR EISEACHADADH SA BHLIAIN 2015

Iarraidh Tíre Tarchurtha chuig	An Líon Iarrataí ar Eiseachadadh a Eisíodh
An Afraic Theas	1
Astráil	5
Stáit Aontaithe Mheiriceá	2
Geirsí (Oileáin Mhuir nlocht)	1
An Bhrasaíl	1
IOMLÁN	10

4.5 CÚNAMH DLÍ FRITHPHÁIRTEACH

Faoi fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008, féadfaidh Éire cúnamh dlí frithpháirteach do tíortha eile, agus cúnamh frithpháirteach a iarraidh orthu, maidir le himscrúduithe coiriúla nó imeachtaí coiriúla. An tÚdarás Lárnach do Chúnamh Frithpháirteach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas a dhéileálann le gach iarratas den sórt sin.

Cuireann an tÚdarás Lárnach iarratais ar chúnamh frithpháirteach chuig tíortha eile ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le measúnú agus comhairle dlí a fháil orthu, sula gcuirtear ar aghaidh chuig na tíortha eile iad.

Tugtar imlíne i gCairt 16 ar an líon iomlán iarratas ar chúnamh dlí frithpháirteach ar dhéileáil an Oifig seo leo.

CAIRT 16: IARRATAIS AR CHÚNAMH DLÍ FRITHPHÁIRTEACH

	2015	2014	2013
Líon na nIarratas	268	201	281

